

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 87



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

23 Feabhra 2022

Clár

IV Fógraí

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2022/C 87/01 Rátaí malairte an euro — 22 Feabhra 2022 1

V Fógairtí

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN gCOMHBHEARTAS tALMHAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

An Coimisiún Eorpach

2022/C 87/02 Fógra tionscnaimh maidir le hathbheithníú éaga ar na bearta frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí snáthanna ardrighnis as poileistir de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne 2

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

An Coimisiún Eorpach

2022/C 87/03 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10325 – KRONOSPAN / PFLEIDERER POLSKA) ⁽¹⁾ 13

2022/C 87/04 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10603 — CARLYLE / ALTADIA) ⁽¹⁾ 15

GA

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GNÍOMHARTHA EILE

An Coimisiún Eorpach

2022/C 87/05	Foilsíú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta agus bia-earraí.....	16
2022/C 87/06	Foilsíú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí	19

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

Rátaí malairte an euro ⁽¹⁾

22 Feabhra 2022

(2022/C 87/01)

1 euro =

Airgeadra	Ráta malairte	Airgeadra	Ráta malairte
USD	dollar na Stát Aontaithe	CAD	dollar Cheanada
JPY	yen na Seapáine	HKD	dollar Hong Cong
DKK	krona na Danmhairge	NZD	dollar na Nua-Shéalainne
GBP	punt steirling	SGD	dollar Shingeapór
SEK	krona na Sualainne	KRW	won na Cóiré Theas
CHF	franc na hEilvéise	ZAR	rand na hAfraice Theas
ISK	króna na hÍoslainne	CNY	renminbi-yuan na Síne
NOK	krona na hIorua	HRK	kuna na Cróite
BGN	lev na Bulgáire	IDR	rupiah na hIndinése
CZK	koruna Phoblacht na Seice	MYR	ringgit na Malaesia
HUF	forint na hUngáire	PHP	peso na nOileán Filipíneach
PLN	zloty na Polainne	RUB	rúbal na Rúise
RON	leu na Rómáine	THB	baht na Téalainne
TRY	lira na Tuirce	BRL	real na Brasaíle
AUD	dollar na hAstráile	MXN	peso Mheicsiceo
		INR	rúipí na hIndia

⁽¹⁾ Foinse: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN gCOMHBHEARTAS
tALMHAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí snáthanna ardrighnis as poileistir de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

(2022/C 87/02)

Tar éis fhoilsiú an Fhógra maidir le dul in éag atá le tarlú ⁽¹⁾ i dtaca leis na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm ar allmhairí snáthanna ardrighnis as poileistir de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (“an tír lena mbaineann” nó “an tSín”), fuair an Coimisiún Eorpach (“an Coimisiún”) iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ⁽²⁾ (“an bun-Rialachán”).

1. Iarraidh ar athbhreithniú

Is é CIRFS – European Manmade Fibres Association (“an t-iarratasóir”) a chuir an iarraidh isteach an 24 Samhain 2021 thar ceann thionscal an Aontais i leith snáthanna ardrighnis áirithe as poileistir de bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán.

Tá leagan oscailte den iarraidh mar aon le hanailís ar a mhéid a thacaíonn táirgeoirí de chuid an Aontais leis an iarraidh ar fáil sa chomhad lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara. I roinn 5.6 den Fhógra seo, tá faisnéis le fáil faoi rochtain ar an gcomhad le haghaidh páirtithe leasmhara.

2. Táirge faoi athbhreithniú

Is éard atá sa táirge faoin athbhreithniú seo ná snáth ardrighnis as poileistir, nach bhfuil cóirithe lena mhiondíol, lena n-áirítear aonfhiliméad ar lú ná 67 ndeiciteics, (seachas snáithe fuála nó snáth iolrach Z-chasta (fillte) nó cáblaithe, le haghaidh snáithe fuála a tháirgeadh, atá réidh lena ruaimniú agus le bailchríoch a chur air, casta go scaoilte timpeall ar fheadán plaisteach pollta), a thagann faoin gcód CN ex 5402 20 00 faoi láthair (cód TARIC 5402 2000 10). Is ar mhaithe le faisnéis amháin a thugtar na cóid AC agus TARIC.

3. Bearta atá ann cheana

Dleacht frithdhumpála chinntitheach arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/325 ón gCoimisiún ⁽³⁾ arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1159 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾ atá sna bearta atá i bhfeidhm faoi láthair.

⁽¹⁾ IO C 205, 31.5.2021, lch. 4.

⁽²⁾ IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/325 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí snáthanna ardrighnis as poileistir de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 49, 25.2.2017, lch. 6).

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1159 an 29 Meitheamh 2017 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1105/2010 ón gComhairle agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/325 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an sainmhíniú ar raon feidhme an táirge sna bearta frithdhumpála atá ann faoi láthair maidir le hallmhairí snáthanna ardrighnis poileistir de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, agus lena ndéantar foráil go bhféadfaí dleachtanna a aisíoc nó a loghadh i gcásanna áirithe (IO L 167, 30.6.2017, lch. 31).

4. Forais leis an athbhreithniú

Tá an iarraidh bunaithe ar na forais gur dócha go leanfar den dumpáil agus den díobháil do thionscal an Aontais de thoradh dhul in éag na mbeart.

4.1. An líomhain gur dócha go leanfar den dumpáil

Mhaígh an t-iarratasóir nach bhfuil sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír lena mbaineann, i ngeall gurb ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a), pointe (b), den bhun-Rialachán.

Chun bunús a thabhairt leis na líomhaintí maidir le saobhadh suntasach, bhí an t-iarratasóir ag brath ar an bhfaisnéis atá sa tuarascáil tíre a chuir seirbhísí an Choimisiúin ar fáil an 20 Nollaig 2017 inar tugadh tuairisc ar imthosca sonracha an mhargaidh sa tír lena mbaineann ⁽⁵⁾. Go háirithe, rinne an t-iarratasóir tagairt do shaobhadh a bhí ann i ngeall ar bhaint a bheith ag an stát i gcoitinne le hearnáil na gceimiceán agus an stát a bheith ag déanamh difear don earnáil go sonracha, don roinn maidir le hamhábhair (a úsáidtear chun snáthanna ardrighnis as poileistir a tháirgeadh, i.e. aigéad teireatalach íonaithe agus gliocól eítiléine) agus rinne sé tagairt do chaibidlí maidir le saobhadh ginearálta fuinnimh agus saothair .

Dá bhrí sin, i bhfianaise Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, an líomhain go bhfuiltear ag leanúint den dumpáil ón tír lena mbaineann, tá sí bunaithe ar chomparáid idir gnáthluach ríofa ar bhonn costais táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí (is í an Tuirc rogha an iarratasóra) agus praghas onnmhairiúcháin an táirge faoi athbhreithniú (ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha) ón tír lena mbaineann nuair a dhíoltar an táirge lena onnmhairiú chuig an Aontas.

Ar an mbonn sin, is suntasach na corrlaigh dhumpála a ríomhtar i gcás na tíre lena mbaineann.

I bhfianaise na faisnéise atá ar fáil, measann an Coimisiún gur leor an fhianaise atá ann de bhun Airteagal 5(9) den bhun-Rialachán a léiríonn de ghnáth, i ngeall ar shaobhadh suntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus do chostais, go bhfuil úsáid na bpraghsanna agus na gcostas náisiúnta sa tír lena mbaineann míchuí, rud a fhágann gur gá imscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

Tá an tuarascáil tíre ar fáil sa chomhad lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála ⁽⁶⁾.

4.2. An líomhain gur dócha go leanfar den díobháil

Líomhnaíonn an t-iarratasóir gur dócha go leanfar den díobháil. I ndáil leis sin, chuir an t-iarratasóir fianaise leordhóthanach ar fáil go bhfuil allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ón tír lena mbaineann chuig an Aontas fós suntasach i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí sciar den mhargadh.

I measc iarmhairtí eile, is éard a léiríonn an fhianaise a chuir an t-iarratasóir ar fáil go raibh tionchar diúltach ar leibhéal na bpraghsanna a bhí á ngearradh ag tionscal an Aontais de dheasca mhéid an táirge faoi athbhreithniú a allmhairíodh agus a chuid praghsanna, rud a d'fhág go raibh tionchar substaintiúil diúltach ar fheidhmíocht fhoriomlán agus ar staid airgeadais thionscal an Aontais.

Chuir an t-iarratasóir fianaise ar fáil freisin, dá ligfí do na bearta dul in éag, gur dócha go dtiocfaidh méadú ar leibhéal reatha allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ón tír lena mbaineann chuig an Aontas de bharr gurb ann d'acmhainneacht neamhúsáidte saoráidí monaraíochta na dtáirgeoirí sa tír lena mbaineann agus de bharr a tharraingtí atá margadh an Aontais. Ina theannta sin, in éagmais beart, bheadh praghsanna onnmhairiúcháin na Síne ar leibhéal íseal go leor chun tuilleadh díobhála a dhéanamh do thionscal an Aontais.

5. Nós imeachta

Arna chinneadh don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, gur leor an fhianaise atá ann gur dócha go bhfuil dumpáil agus díobháil ann chun údar maith a thabhairt le tionscnamh an athbhreithnithe éaga, tá an Coimisiún, leis seo, ag tionscnamh athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

Is éard a chinnfear leis an athbhreithniú éaga, an dócha go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís de thoradh dhul in éag na mbeart maidir leis an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na tíre lena mbaineann, agus an dócha go leanfar den díobháil do thionscal an Aontais nó go dtarlóidh sí arís.

⁽⁵⁾ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 20 Nollaig 2017, SWD(2017) 483 final/2, ar fáil faoi: https://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2017/december/tradoc_156474.pdf

⁽⁶⁾ Féadfar na doiciméid a luaitear sa tuarascáil tíre a fháil freisin arna iarraidh sin go cuí-réasúnaithe.

Rud eile a chuireann an Coimisiún ar a súile do na páirtithe is ea an Fógra (7) a foilsíodh faoi na hiarmhairtí atá ag ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais, imscrúduithe a bhféadfadh feidhm a bheith acu maidir leis an nós imeachta seo.

5.1. *Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú*

An t-imscrúdú chun a fháil amach an leanfar den dumpáil nó an dtarlóidh sí arís, cumhdóidh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 (“tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin”). An t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís, cumhdóidh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go deireadh thréimhse an imscrúdaithe (“an tréimhse faoi bhreathnú”).

5.2. *Barúlacha faoin iarraidh agus faoi thionscnamh an imscrúdaithe*

Ní mór do na páirtithe leasmhara uile ar mian leo barúil a thabhairt maidir leis an iarraidh (lena n-áirítear ábhair a bhaineann leis an díobháil leanúint ar aghaidh nó tarlú arís nó le cúisíocht) nó aon ghné a bhaineann le tionscnamh an imscrúdaithe (lena n-áirítear an méid tacaíochta don iarraidh) é sin a dhéanamh laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (8).

Ní mór aon iarraidh ar éisteacht maidir le tionscnamh an imscrúdaithe a chur isteach laistigh de 15 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo.

5.3. *Nós imeachta um chinneadh na dóchúlachta go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís*

In athbhreithniú éaga, déanann an Coimisiún scrúdú ar allmhairí a cuireadh chuig an Aontas i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin agus, gan beann ar allmhairí chuig an Aontas, measann sé an rud é, de thoradh staid na gcuideachtaí a tháirgeann agus a dhíolann an táirge faoi athbhreithniú sa tír lena mbaineann, gurb amhlaidh gur dócha go leanfar den allmhairí ar phraghsanna dumpáilte nó go dtarlóidh sé arís má théann na bearta in éag.

Dá bhrí sin, táirgeoirí (9) uile a allmhairíonn an táirge faoi athbhreithniú chuig an Aontas ón tír lena mbaineann, lena n-áirítear na táirgeoirí nár chomhoibrigh leis an imscrúdú arb iad na bearta atá i bhfeidhm ba thoradh air, iarrtar orthu a bheith rannpháirteach in imscrúdú an Choimisiúin.

5.3.1. *Imscrúdú a dhéanamh ar tháirgeoirí sa tír lena mbaineann*

Ó tharla go bhféadfadh líon mór táirgeoirí sa tír lena mbaineann a bheith bainteach leis an athbhreithniú éaga seo, agus chun an t-imscrúdú a thabhairt chun críche laistigh de na teorainneacha ama reachtúla, féadfaidh an Coimisiún teorainn a chur le líon réasúnta táirgeoirí a ndéanfar imscrúdú orthu trí shampla a roghnú (déantar tagairt don phróiseas sin freisin leis an bhfocal “sampláil”). Déanfar an tsampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Chun gur féidir leis an gCoimisiún a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, iarrtar ar gach táirgeoir, nó ionadaithe atá ag gníomhú thar a cheann, lena n-áirítear na táirgeoirí nár chomhoibrigh leis an imscrúdú arb iad na bearta atá faoi réir an athbhreithnithe seo ba thoradh air, an fhaisnéis faoina chuideachtaí a chur ar fáil don Choimisiún laistigh de 7 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo. Ní mór an fhaisnéis seo a chur ar fáil trí TRON.tdi ag an seoladh seo a leanas: https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/tdi/form/R760_SAMPLING_FORM_FOR_EXPORT_ING_PRODUCER. I roinn 5.6 agus roinn 5.9 thíos, tá faisnéis le fáil faoi rochtain ar TRON.tdi.

An fhaisnéis a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach chun an sampla de tháirgeoirí a roghnú, chun an fhaisnéis sin a fháil, déanfaidh sé teagmháil le húdaráis na tíre lena mbaineann freisin agus féadfaidh sé teagmháil a dhéanamh le haon chomhlachas aitheanta táirgeoirí sa tír lena mbaineann.

Má tá gá le sampla, roghnófar na táirgeoirí ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó táirgeadh, díolachán nó allmhairí ar féidir imscrúdú a dhéanamh air go réasúnta laistigh den am atá ar fáil. Gach táirgeoir aitheanta sa tír lena mbaineann, údaráis na tíre lena mbaineann, agus comhlachais táirgeoirí, tabharfaidh an Coimisiún fógra dóibh, trí údaráis na tíre lena mbaineann más iomchuí, faoi na cuideachtaí a roghnaíodh le bheith sa sampla.

(7) <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52020XC0316%2802%29>

(8) Is ionann gach tagairt d'fhoilsiú an Fhógra seo agus tagairt d'fhoilsiú an Fhógra seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mura sonraítear a mhalairt.

(9) Is éard is táirgeoir ann aon chuideachta sa tír lena mbaineann a tháirgeann an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear aon cheann dá chuideachtaí gaolmhara a bhfuil baint aici le táirgeadh, díolachán intíre nó onnmhairí an táirge faoi athbhreithniú.

Nuair a gheobhaidh an Coimisiún an fhaisnéis is gá chun sampla de tháirgeoirí a roghnú, cuirfidh sé na páirtithe lena mbaineann ar an eolas faoina chinneadh iad a roghnú nó gan iad a roghnú le bheith sa sampla. Beidh ar na táirgeoirí sampláilte ceistneoir comhlánaithe a chur isteach laistigh de 30 lá ón dáta a tugadh fógra dóibh faoin gcinneadh iad a roghnú le bheith sa sampla, mura sonraítear a mhalairt.

Cuirfidh an Coimisiún nóta leis an gcomhad lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara a léireoidh roghnú an tsampla. Ní mór aon bharúil maidir le roghnú an tsampla a fháil laistigh de 3 lá ón dáta a tugadh fógra an chinnidh faoin sampla.

Tá cóip den cheistneoir do tháirgeoirí sa tír lena mbaineann ar fáil sa chomhad le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúthóireacht na Trádála (https://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?id=2582).

Gan dochar do chur i bhfeidhm féideartha Airteagal 18 den bhun-Rialachán, na cuideachtaí a bhí toilteanach a bheith sa sampla ach nár roghnaíodh iad le bheith ann, measfar gur cuideachtaí comhoibríocha atá iontu.

5.3.2. Nós imeachta breise maidir leis an tír lena mbaineann atá faoi réir saobhadh suntasach

Faoi réir fhorálacha an Fhógra seo, leis seo, iarrtar ar gach páirtí leasmhar a chuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach, agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Mura sonraítear a mhalairt, ní mór an fhaisnéis agus an fhianaise thacaíochta sin a bheith faighte ag an gCoimisiún laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo.

Go háirithe, iarrann an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a dtuairim a chur in iúl maidir leis na hionchuir agus maidir le cóid an Chórais Chomhchuíbhíthe (HS) a sholáthraítear san iarraidh, tír ionadaíoch nó tíortha ionadaíocha iomchuí a mholadh agus céannacht táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú sna tíortha sin a chur ar fáil. Ní mór an fhaisnéis agus an fhianaise thacaíochta sin a bheith faighte ag an gCoimisiún laistigh de 15 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo.

De bhun Airteagal 2(6a), pointe (e) den bhun-Rialachán, go luath tar éis dó an t-imscrúdú a thionscnamh, cuirfidh an Coimisiún na páirtithe san imscrúdú ar an eolas faoi na foinsí ábhartha a bhfuil sé beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach sa tír lena mbaineann a chinneadh de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, agus déanfaidh sé amhlaidh trí bhíthin nóta a ghabhann leis an gcomhad lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara. Cumhdófar leis sin na foinsí uile, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, roghnú tríú tír iomchuí. Nuair a chuirfear an nóta leis an gcomhad sin, beidh 10 lá ag na páirtithe san imscrúdú ón dáta sin chun a gcuid barúlacha a chur isteach.

De réir na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún, d'fhéadfadh an Tuirc a bheith ina tríú tír ionadaíoch don tír lena mbaineann sa chás seo. D'fhonn an tríú tír ionadaíoch iomchuí a roghnú ar deireadh, scrúdóidh an Coimisiún an bhfuil tíortha ann a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche acu atá comhchosúil le leibhéal forbartha eacnamaíche na tíre lena mbaineann, ina bhfuil táirgeadh agus díolachán an táirge faoi athbhreithniú agus ina bhfuil sonraí ábhartha ar fáil go héasca. I gcás ina bhfuil níos mó ná rogha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, tabharfar tús áite, i gcás inarb iomchuí, do thíortha inar leordhóthanach leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil atá iontu.

Maidir leis na foinsí ábhartha, iarrann an Coimisiún ar tháirgeoirí uile na tíre lena mbaineann faisnéis a chur ar fáil maidir leis na hábhair (amhábhair agus ábhair phróiseáilte) agus fuinneamh a úsáidtear chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh laistigh de 15 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo. Ní mór an fhaisnéis seo a chur ar fáil trí TRON.tdi ag an seoladh seo a leanas: https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/tdi/form/R760_INFO_ON_INPUTS_FOR_EXPORTING_PRODUCER_FORM. I roinn 5.6 agus roinn 5.9 thíos, tá faisnéis le fáil faoi rochtain ar TRON.tdi.

Thairis sin, ní mór aon fhaisnéis fhíorasach a chuirfear isteach chun luach a chur ar chostais agus ar phraghsanna de bhun phointe (a) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chomhdú laistigh de 65 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo. Níor cheart faisnéis fhíorasach den sórt sin a thógáil ach amháin ó fhoinsí atá ar fáil go poiblí.

An fhaisnéis a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach le haghaidh a imscrúdaithe i ndáil le saobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, chun an fhaisnéis sin a fháil, cuirfidh an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na tíre lena mbaineann freisin.

5.3.3. *Imscrúdú a dhéanamh ar allmhaireoirí neamhghaolmhara* ⁽¹⁰⁾ ⁽¹¹⁾

Allmhaireoirí neamhghaolmhara a allmhairíonn an táirge faoi athbhreithniú chuig an Aontas ón tír lena mbaineann, lena n-áirítear na hallmhaireoirí nár chomhoibrigh leis an imscrúdú arb iad na bearta atá i bhfeidhm ba thoradh air, iarrtar orthu a bheith rannpháirteach san imscrúdú seo.

Ó tharla go bhféadfadh líon mór allmhaireoirí neamhghaolmhara a bheith bainteach leis an athbhreithniú éaga seo, agus chun an t-imscrúdú a thabhairt chun críche laistigh de na teorainneacha ama reachtúla, féadfaidh an Coimisiún teorainn a chur le líon allmhaireoirí neamhghaolmhara réasúnta a ndéanfar imscrúdú orthu, trí shampla a roghnú (déantar tagairt don phróiseas sin freisin leis an bhfocal “sampláil”). Déanfar an tsampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Chun gur féidir leis an gCoimisiún a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, iarrtar ar gach allmhaireoir neamhghaolmhar, nó ionadaithe atá ag gníomhú thar a cheann, lena n-áirítear na hallmhaireoirí nár chomhoibrigh leis an imscrúdú arb iad na bearta atá faoi réir an athbhreithnithe seo ba thoradh air, iad féin a chur in aithne don Choimisiún. Ní mór do na páirtithe sin déanamh amhlaidh laistigh de 7 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo, tríd an bhfaisnéis faoina gcuideachta nó faoina gcuideachtaí arna hiarraidh san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bhFógra seo a thabhairt don Choimisiún.

An fhaisnéis a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach chun an sampla d'allmhaireoirí neamhghaolmhara a roghnú, chun an fhaisnéis sin a fháil, féadfaidh sé teagmháil a dhéanamh freisin le haon chomhlachas aitheanta táirgeoirí.

Má tá gá le sampla, féadfar na hallmhaireoirí a roghnú ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó díolachán den táirge faoi athbhreithniú ón tír lena mbaineann san Aontas, ar méid é ar féidir imscrúdú a dhéanamh air go réasúnta laistigh den am atá ar fáil. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do gach allmhaireoir neamhghaolmhar aitheanta agus do gach comhlachas aitheanta allmhaireoirí faoi na cuideachtaí a roghnaíodh le bheith sa sampla.

Ina theannta sin, cuirfidh an Coimisiún nóta leis an gcomhad lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara a léireoidh roghnú an tsampla. Ní mór aon bharúil maidir le roghnú an tsampla a fháil laistigh de 3 lá ón dáta a tugadh fógra an chinnidh faoin sampla.

An fhaisnéis a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach le haghaidh a imscrúdaithe, chun an fhaisnéis sin a fháil, cuirfidh sé ceistneoirí ar fáil do na hallmhaireoirí neamhghaolmhara sampláilte. Ní mór do na páirtithe sin ceistneoirí comhlánaithe a chur isteach laistigh de 30 lá ón dáta a tugadh fógra faoi roghnú an tsampla, mura sonraítear a mhalairt.

Tá cóip den cheistneoir d'allmhaireoirí neamhghaolmhara ar fáil sa chomhad le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrtóireacht na Trádála (https://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?id=2582).

5.4. *Nós imeachta um chinneadh na dóchúlachta go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís*

Chun a shuíomh an dócha go leanfar den díobháil do thionscal an Aontais nó go dtarlóidh sí arís, iarrann an Coimisiún ar tháirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú san Aontas a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

⁽¹⁰⁾ Ní féidir ach allmhaireoirí nach bhfuil gaol acu leis na táirgeoirí sa tír nó sna tíortha lena mbaineann a shampláil, agus iad amháin. Ní mór d'allmhaireoirí atá gaolmhar le táirgeoirí Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gceistneoir le haghaidh na dtáirgeoirí sin a líonadh isteach. I gcomhréir le hAirteagal 127 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, measfar beirt a bheith gaolmhar le chéile: (a) más oifigeach nó stiúrtóir duine acu i ngnólacht an duine eile; (b) más comhpháirtithe gnó iad a bhfuil aitheantas dlíthiúil acu; (c) más fostóir agus fostaí iad; (d) más le tríú páirtí 5 % nó níos mó de na stoic nó de na scaireanna le cearta vótála de chuid na beirte acu, nó má rialaíonn nó má choinníonn tríú páirtí iad, go díreach nó go hindíreach; (e) má rialaíonn duine amháin acu an duine eile go díreach nó go hindíreach; (f) má tá an bheirt acu faoi stiúradh díreach nó indíreach ag tríú páirtí; (g) má rialaíonn siad tríú duine go díreach nó go hindíreach le chéile; nó (h) más baill den teaghlach céanna iad (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558). Ní mheasfar daoine a bheith in aon teaghlach le chéile ach amháin má tá siad in aon ghaol acu seo a leanas le chéile: (i) fear céile agus bean chéile, (ii) tuismitheoir agus leanbh, (iii) deartháir agus deirfiúr (más ionann athair agus máthair dóibh nó más ionann tuismitheoir amháin dóibh), (iv) seanathair nó seanmháthair agus garleanbh, (v) uncail nó aintín agus nia nó neacht, (vi) tuismitheoir céile agus cliamhain nó banchliamhain, (vii) deartháir céile agus deirfiúr chéile. I gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, ciallaíonn “duine” duine nádúrtha, duine dlítheanach agus aon chumann de dhaoine nach bhfuil ina dhuine dlítheanach ach a n-aithnítear faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta go bhfuil an inniúlacht aige gníomhartha dlí a dhéanamh (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

⁽¹¹⁾ Na sonraí a chuireann allmhaireoirí neamhghaolmhara ar fáil, féadfar iad a úsáid i ndáil le gnéithe den imscrúdú seo nach mbaineann leis an dumpáil a chinneadh.

5.4.1. *Imscrúdú a dhéanamh ar tháirgeoirí de chuid an Aontais*

Ó tharla go bhféadfadh líon mór táirgeoirí de chuid an Aontais a bheith bainteach leis an athbhreithniú éaga seo, agus chun an t-imscrúdú a thabhairt chun críche laistigh de na teorainneacha ama reachtúla, féadfaidh an Coimisiún teorainn a chur le líon réasúnta táirgeoirí de chuid an Aontais a ndéanfar imscrúdú orthu trí shampla a roghnú (déantar tagairt don phróiseas sin freisin leis an bhfocal “sampláil”). Déantar an tsampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Tá sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach ag an gCoimisiún. Is féidir sonraí a fháil sa chomhad lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara.

Leis seo, iarrtar ar pháirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis an sampla sealadach. Táirgeoirí eile de chuid an Aontais, nó ionadaithe atá ag gníomhú thar a gceann, lena n-áirítear táirgeoirí de chuid an Aontais nár chomhoibrigh san imscrúdú arb iad na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair ba thoradh air, ar táirgeoirí iad a mheasann go bhfuil cúiseanna ann ar cheart dóibh a bheith sa sampla, ní mór dóibh dul i dteagmháil leis an gCoimisiún laistigh de 7 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo. Ní mór na barúlacha ar fad maidir leis an sampla sealadach a fháil laistigh de 7 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo, mura sonraítear a mhalairt.

Tabharfaidh an Coimisiún fógra sa sampla do gach táirgeoir aitheanta de chuid an Aontais agus/nó do gach comhlachas aitheanta táirgeoirí de chuid an Aontais faoi na cuideachtaí a roghnaíodh faoi dheireadh le bheith sa sampla.

Beidh ar na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ceistneoir comhlánaithe a chur isteach laistigh de 30 lá ón dáta a tugadh fógra dóibh faoin gcinneadh iad a roghnú le bheith sa sampla, mura sonraítear a mhalairt.

Tá cóip den cheistneoir le haghaidh tháirgeoirí an Aontais ar fáil sa chomhad lena scrúdú ag páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála (https://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?id=2582).

5.5. ***Nós imeachta um leas an Aontais a mheasúnú***

Má dheimhnítear gur dócha go leanfar den dumpáil agus den díobháil nó go dtarlóidh siad arís, déanfar cinneadh, de bhun Airteagal 21 den bhun-Rialachán, an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais dá gcoinneofaí na bearta frith-dhumpála i bhfeidhm.

Táirgeoirí de chuid an Aontais agus a gcomhlachais ionadaíocha, úsáideoirí agus a gcomhlachais ionadaíocha, ceardchumainn agus eagraíochtaí tomhaltóirí ionadaíocha, iarrfar orthu faisnéis a thabhairt don Choimisiún maidir le leas an Aontais.

Aon fhaisnéis maidir le measúnú ar leas an Aontais, ní mór í a chur isteach laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo, mura sonraítear a mhalairt. Féadfar an fhaisnéis sin a sholáthar i bhformáid shaor, sin nó an ceistneoir atá ullmhaithe ag an gCoimisiún a líonadh isteach.

Tá cóip de na ceistneoirí, lena n-áirítear an ceistneoir d'úsáideoirí an táirge atá faoi athbhreithniú, ar fáil sa chomhad lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála (https://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?id=2582). In aon chás, aon fhaisnéis a chuirtear isteach de bhun Airteagal 21, ní chuirfear san áireamh í ach amháin má tá fianaise fhíorasach ann a thacaíonn le bailíocht na fianaise sin tráth a chuirtear isteach í.

5.6. ***Páirtithe leasmhara***

Chun bheith rannpháirteach san imscrúdú, ní mór do pháirtithe leasmhara, amhail táirgeoirí sa tír lena mbaineann, táirgeoirí de chuid an Aontais, allmhaireoirí agus a gcomhlachais ionadaíocha, úsáideoirí agus a gcomhlachais ionadaíocha, ceardchumainn agus eagraíochtaí tomhaltóirí ionadaíocha, ní mór dóibh a léiriú i dtús báire gurb ann do nasc oibiachtúil idir a gcuid gníomhaíochtaí agus an táirge faoi athbhreithniú.

Táirgeoirí sa tír lena mbaineann, táirgeoirí de chuid an Aontais, allmhaireoirí agus comhlachais ionadaíocha a chuir faisnéis ar fáil i gcomhréir leis na nósanna imeachta a bhfuil tuairisc orthu i roinn 5.3.1, roinn 5.3.3 agus roinn 5.4.1, measfar gur páirtithe leasmhara atá iontu má tá nasc oibiachtúil idir a gcuid gníomhaíochtaí agus an táirge faoi athbhreithniú.

Ní bheidh páirtithe eile in ann a bheith rannpháirteach san imscrúdú mar pháirtithe leasmhara go dtí go gcuirfidh siad iad féin in aithne, agus ar choinníoll gurb ann do nasc oibiachtúil idir a gcuid gníomhaíochtaí agus an táirge faoi athbhreithniú. Má mheastar gur páirtithe leasmhara iad, tá sé gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 18 den bhun-Rialachán.

Déantar rochtain ar an gcomhad atá ar fáil do pháirtithe leasmhara lena iniúchadh trí TRON.tdi ag an seoladh seo a leanas: <https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/TDI>. Lean na treoracha ar an leathanach sin chun rochtain a fháil ⁽¹³⁾.

5.7. *Aighneachtaí eile i scríbhinn*

Faoi réir fhorálacha an Fhógra seo, iarrtar ar gach páirtí leasmhar, leis seo, a chuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach, agus fianaise thacaíochta a sholáthar. Mura sonraítear a mhalairt, ní mór an fhaisnéis agus an fhianaise thacaíochta sin a bheith faighte ag an gCoimisiún laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo.

5.8. *Deis éisteacht a fháil le seirbhísí imscrúdúcháin an Choimisiúin*

Féadfaidh gach páirtí leasmhar éisteacht le seirbhísí imscrúdúcháin an Choimisiúin a iarraidh. Ní mór aon iarraidh ar éisteacht a fháil a dhéanamh i scríbhinn agus ní mór cúiseanna na hiarrata a shonrú ann chomh maith le hachóimre ar an méid is mian leis an bpáirtí leasmhar a phlé le linn na héisteachta. Beidh an éisteacht teoranta do na saincheisteanna a leag na páirtithe leasmhara amach i scríbhinn roimh ré.

I bprionsabal, ní bhainfear úsáid as éisteachtaí chun faisnéis fhíorasach nach bhfuil ar chomhad fós a chur i láthair. Mar sin féin, ar mhaithe le dea-riarachán agus chun seirbhísí an Choimisiúin a chumasú chun dul ar aghaidh leis an imscrúdú, féadfar treoir a thabhairt do pháirtithe leasmhara faisnéis fhíorasach nua a sholáthar tar éis éisteachta.

5.9. *Treoracha maidir le haighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh, agus maidir le ceistneoirí comhlánaithe agus comhfhreagras a sheoladh*

Maidir le faisnéis a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin chun críche imscrúduithe cosanta trádála, beidh an fhaisnéis sin saor ó chóipchirt. Ní mór do pháirtithe leasmhara, sula gcuirfidh siad faisnéis agus/nó sonraí atá faoi réir cóipchearta tríú páirtí faoi bhráid an Choimisiúin, cead a iarraidh go sonrath ar shealbhóir an chóipchirt lena gceadaítear don Choimisiún a) an fhaisnéis agus na sonraí a úsáid chun críoch an nós imeachta cosanta trádála seo agus b) an fhaisnéis agus/nó na sonraí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara san imscrúdú seo i bhfoirm a fhágfaidh go mbeidh siad in ann a gcearta chun cosanta a fheidhmiú.

Gach aighneacht i scríbhinn, lena n-áirítear an fhaisnéis a iarrtar san fhógra seo, ceistneoirí comhlánaithe agus comhfhreagras arna gcur ar fáil ag páirtithe leasmhara a n-iarrtar gur i modh rúin a chaithfear leo, is mar “Íogair” ⁽¹³⁾ a dhéanfar iad a lipéadú. Páirtithe a chuireann faisnéis isteach le linn an imscrúdaithe seo, iarrtar orthu cúis a thabhairt lena n-iarraidh go gcaithfí i modh rúin leo.

Ní mór do pháirtithe a sholáthraíonn faisnéis “íogair” achoimrí neamhrúnda uirthi a chur ar fáil de bhun Airteagal 19(2) den bhun-Rialachán, achoimrí a gcuirfear lipéad orthu a shonrófar “lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara”. Ní mór do na hachóimrí sin a bheith mionsonraithe a ndóthain ionas go bhféadfar bunús na faisnéise a cuireadh isteach faoi rún a thuiscint go réasúnta. Mura féidir leis an bpáirtí a sholáthraíonn faisnéis rúnda cúis mhaith a thaispeáint lena iarraidh gur i modh rúin a gcaithfí léi nó mura dtugann sé achoimre neamhrúnda uirthi san fhormáid agus sa cháilíocht a iarradh, féadfaidh an Coimisiún neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis sin mura féidir a thaispeáint go sásúil ó fhoinní iomchuí go bhfuil an fhaisnéis ceart.

Iarrtar ar pháirtithe leasmhara gach aighneacht agus iarraidh a dhéanamh trí TRON.tdi (<https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/TDI>) lena n-áirítear iarratas ar chlárúchán mar pháirtí leasmhar, cumhachtaí aturnae agus bileoga deimhniúcháin scanta. Trí úsáid a bhaint as TRON.tdi nó ríomhphost, cuireann páirtithe leasmhara in iúl go gcomhaontaíonn siad leis na rialacha is infheidhme maidir le haighneachtaí leictreonacha atá sa doiciméad dar teideal “CORRESPONDENCE WITH THE EUROPEAN COMMISSION IN TRADE DEFENCE CASES” [COMHFHREAGRAS LEIS AN gCOIMISIÚN EORPACH I gCÁSANNA COSANTA TRÁDÁLA], doiciméad a foilsíodh ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2011/june/tradoc_148003.pdf. Ní mór do na páirtithe leasmhara a n-ainm, a seoladh, a n-uimhir theleafóin agus seoladh ríomhphoist bailí a thabhairt, agus ba cheart dóibh a áirithiú gur ríomhphost oifigiúil feidhmiúil gnó é an seoladh ríomhphoist a chuireann siad ar fáil, agus gur seoladh é a sheiceáiltear gach lá. Tráth a chuirfear sonraí teagmhála ar fáil, ní dhéanfaidh an Coimisiún cumarsáid le páirtithe leasmhara ach amháin trí TRON.tdi nó trí ríomhphost, seachas sa chás go n-iarrfaidh siad na doiciméid uile ar an gCoimisiún trí mheán eile cumarsáide go sainráite, nó mura rud é gur gá post cláraithe a úsáid mar gheall ar chineál an doiciméid atá le seoladh. Le haghaidh tuilleadh rialacha agus faisnéise maidir le comhfhreagras leis an gCoimisiún, lena n-áirítear prionsabail a bhaineann le haighneachtaí trí TRON.tdi nó trí ríomhphost, ba cheart do pháirtithe leasmhara féachaint ar na treoracha maidir le cumarsáid le páirtithe leasmhara dá dtagraítear thuas.

⁽¹³⁾ I gcás fadhbanna teicniúla, déan teagmháil leis an Deasc Seirbhíse Trádála trí ríomhphost a sheoladh chuig trade-service-desk@ec.europa.eu nó ar an nguthán +32 22979797.

⁽¹³⁾ Is éard is doiciméad “íogair” ann doiciméad a meastar é a bheith rúnda de bhun Airteagal 19 den bhun-Rialachán agus Airteagal 6 de Chomhaontú EDT maidir le cur chun feidhme Airteagal VI de GATT 1994 (An Comhaontú Frithdhumpála). Is doiciméad é freisin atá cosanta de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

Seoladh an Choimisiúin le haghaidh comhfhreagrais:

an Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na Trádála
Stiúrthóireacht G
Oifig: CHAR 04/039
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

TRON. tdi: <https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/tdi>

Ríomhphost:

TRADE-R760-HTYP-INJURY@ec.europa.eu

TRADE-R760-HTYP-DUMPING@ec.europa.eu

6. **Sceideal an imscrúdaithe**

De ghnáth, cuirfeadh an t-imscrúdú i gcrích laistigh de 12 mhí agus in aon chás tráth nach déanaí ná 15 mhí ó dháta foilsithe an Fhógra seo, de bhun Airteagal 11(5) den bhun-Rialachán.

7. **Faisnéis a chur isteach**

De ghnáth, ní fhéadfaidh na páirtithe leasmhara faisnéis a chur isteach ach amháin sna tréimhsí a shonraítear i roinn 5 den Fhógra seo.

D'fhonn an t-imscrúdú a thabhairt chun críche laistigh de na spriocdhátaí éigeantacha, ní ghlacfaidh an Coimisiún le haighneachtaí ó pháirtithe leasmhara tar éis an spriocdháta chun barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh nó, más infheidhme, tar éis an spriocdháta chun barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh breise.

8. **Deis barúlacha a thabhairt maidir le haighneachtaí páirtithe eile**

Chun cearta na cosanta a ráthú, ba cheart an deis a bheith ag páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le faisnéis a chuir páirtithe leasmhara eile isteach. Agus sin á dhéanamh acu, ní fhéadfaidh páirtithe leasmhara aghaidh a thabhairt ach ar na saincheisteanna a ardaítear in aighneachtaí na bpáirtithe leasmhara eile agus ní fhéadfaidh siad saincheisteanna nua a tharraingt anuas.

Na barúlacha maidir leis an bhfaisnéis a chuir páirtithe leasmhara eile ar fáil mar fhreagairt ar nochtadh na dtorthaí cinntitheacha, ba cheart iad a chur isteach laistigh de 5 lá ón sprioc-am chun barúlacha a thabhairt maidir leis na torthaí cinntitheacha, mura sonraítear a mhalairt. Más ann don nochtadh deiridh breise, na barúlacha faoin bhfaisnéis a chuir páirtithe leasmhara eile ar fáil mar fhreagairt ar nochtadh eile na dtorthaí cinntitheacha sin, ba cheart iad sin a chur isteach laistigh de 1 lá ón sprioc-am chun barúil a thabhairt maidir le nochtadh breise sin, mura sonraítear a mhalairt.

Tá na tréimhsí a leagtar amach gan dochar do cheart an Choimisiúin faisnéis bhreise a iarraidh ar pháirtithe leasmhara i gcásanna a bhfuil údar cuí leo.

9. **Síneadh a chur leis na teorainneacha ama a shonraítear san Fhógra seo**

Féadfar síntí ar theorainneacha ama dá bhforáiltear san Fhógra seo a dheonú arna iarraidh sin do pháirtithe leasmhara a léiríonn cúis chúí.

Níor chóir aon síneadh ar na teorainneacha ama dá bhforáiltear san Fhógra seo a iarraidh ach amháin in imthosca eisceachtúla agus ní dheonófar é ach amháin má tá údar cuí leis. I gcás ar bith, beidh teorainn 3 lá de ghnáth le síneadh ar an sprioc-am chun freagra a thabhairt ar cheistneoirí, agus mar riail ghinearálta ní rachaidh sé thar 7 lá. Teorainneacha ama maidir le faisnéis eile a shonraítear san Fhógra tionscnaimh a chur isteach, beidh teorainn 3 lá leis na síntí ach amháin má léirítear gurb ann d'imthosca eisceachtúla.

10. **Neamh-chomhoibriú**

I gcás ina ndiúltaíonn aon pháirtí leasmhar rochtain a thabhairt ar an bhfaisnéis is gá nó mura gcuireann sé an fhaisnéis sin ar fáil laistigh de na teorainneacha ama, nó má chuireann sé bac suntasach ar an imscrúdú, féadfar na torthaí, bíodh siad deimhneach nó diúltach, a bhunú ar na fíorais atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.

I gcás inar léir gur sholáthair páirtí leasmhar faisnéis bhréagach nó mhíthreorach, féadfar neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis sin agus féadfar úsáid a bhaint as na fíorais atá ar fáil.

Mura gcomhoibríonn páirtí leasmhar nó mura gcomhoibríonn sé ach i bpáirtí agus, dá bhrí sin, má tá na torthaí bunaithe ar fhórais atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an toradh chomh fabhrach céanna don pháirtí sin agus a bheadh dá mbeadh comhoibriú déanta aige.

Ní mheasfar gur neamh-chomhoibriú é mainneachtain freagra leictreonach a thabhairt, ar choinníoll go léiríonn an páirtí leasmhar go mbeadh ualach breise nó costas breise mí-réasúnach mar thoradh ar an bhfreagra a thabhairt ar an mbealach ar iarradh é. Ba cheart don pháirtí leasmhar teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún láithreach.

11. Oifigeach Éisteachta

Féadfaidh páirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh. Déanann an tOifigeach Éisteachta athbhreithniú ar iarrataí ar rochtain ar an gcomhad, ar dhíospóidí maidir le rúndacht doiciméad, ar iarrataí ar shíneadh teorainneacha ama agus ar aon iarraidh eile a bhaineann le cearta cosanta páirtithe leasmhara agus tríú páirtithe faoi mar a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn an imeachta.

Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta éisteachtaí a eagrú agus idirghabháil a dhéanamh idir an páirtí nó na páirtithe leasmhara agus seirbhísí an Choimisiúin chun a áirithiú go bhfuil cearta cosanta na bpáirtithe leasmhara á bhfeidhmiú ina n-iomláine. Ba cheart iarraidh ar éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta a dhéanamh i scríbhinn agus ba cheart na cúiseanna atá leis an iarraidh a shonrú inti. Déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú ar na cúiseanna atá leis na hiarrataí. Níor cheart na héisteachtaí sin a réachtáil ach amháin murar réitíodh na saincheisteanna le seirbhísí an Choimisiúin in am trátha.

Ní mór aon iarraidh a chur isteach in am trátha agus go gasta ionas nach gcuirfear stiúradh ordúil na n-imeachtaí i mbaol. Chuige sin, ba cheart do na páirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta a iarraidh a luaite is féidir tar éis an teagmhais arb é is údar le hidirghabháil den sórt sin a bheith ann. I gcás ina gcuirtear iarrataí éisteachta isteach lasmuigh de na tréimhsí ábhartha, déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú freisin ar na cúiseanna le hiarrataí déanacha den sórt sin, ar chineál na saincheisteanna a tarraingíodh anuas agus ar thionchar na saincheisteanna sin ar chearta cosanta, ag féachaint go cuí do leasanna dea-riaracháin agus do chríochnú tráthúil an imscrúdaithe.

Chun tuilleadh faisnéise agus sonraí teagmhála a fháil, féadfaidh páirtithe leasmhara féachaint ar leathanaigh ghréasáin an Oifigigh Éisteachta ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: <http://ec.europa.eu/trade/trade-policy-and-you/contacts/hearing-officer/>.

12. Deis athbhreithniú a iarraidh faoi Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán

Ó tharla go dtionscnaítear an t-athbhreithniú éaga seo i gcomhréir le forálacha Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán, ní leasófar na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair i ngeall ar thorthaí an athbhreithnithe, ach déanfar na bearta sin a aisghairm nó a choinneáil ar bun i gcomhréir le hAirteagal 11(6) den bhun-Rialachán.

Má mheasann aon pháirtí leasmhar go bhfuil údar le hathbhreithniú ar na bearta ar dhóigh a d'fhágfadh go bhféadfaí na bearta a leasú, féadfaidh an páirtí sin athbhreithniú a iarraidh de bhun Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán.

Aon pháirtí ar mian leis athbhreithniú den sórt sin a iarraidh, ar athbhreithniú é a dhéanfaí go neamhspleách ar an athbhreithniú éaga a luaitear san Fhógra seo, féadfaidh sé dul i dteagmháil leis an gCoimisiún ag an seoladh a shonraítear thuas.

13. Sonraí pearsanta a phróiseáil

Is i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁴⁾ a chaithear le haon sonraí pearsanta a bhaileofar san imscrúdú seo.

Tá fógra cosanta sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, fógra a chuireann gach duine aonair ar an eolas faoi phróiseáil sonraí pearsanta faoi chuimsiú gníomhaíochtaí cosanta trádála an Choimisiúin: <http://ec.europa.eu/trade/policy/accessing-markets/trade-defence/>

⁽¹⁴⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

IARSCRÍBHINN

- | | |
|------------------------------|--|
| <input type="checkbox"/> | Leagan “íogair” |
| <input type="checkbox"/> | Leagan “lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara” |
| (cuir tic sa bhosca iomchuí) | |

**IMEACHTAÍ FRITHDHUMPÁLA I NDÁIL LE HALLMHAIRÍ SNÁTHANNA ARDRIGHNIS AS POILEISTIR DE
THIONSCNAMH DHAON-PHOBLAHT NA SÍNE**

FAISNÉIS MAIDIR LE SAMPLA NA N-ALLMHAIREOIRÍ NEAMHGHAEOLMARA A ROGHNÚ

Tá an fhoirm seo ceaptha chun cabhrú le hallmhaireoirí neamhghaeolmhara freagairt don iarraidh ar fhaisnéis shamplála a dhéantar i bpointe 5.3.3 den fhógra tionscnaimh.

Ba cheart an leagan “íogair” r agus an leagan “lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara” a chur ar ais chuig an gCoimisiún mar a leagtar amach san fhógra tionscnaimh.

1. CÉANNACHT AGUS SONRAÍ TEAGMHÁLA

Tabhair na sonraí seo a leanas faoi do chuideachta:

Ainm na cuideachta	
Seoladh	
Teagmhálaí	
Seoladh ríomhphoist	
Teileafón	

2. LÁIMHDEACHAS AGUS MÉID NA NDÍOLACHÁN

Léirítear láimhdeachas iomlán na cuideachta in euro (EUR), an luach in euro (EUR) agus an méid i dtónaí i gcás allmhairí chuig an Aontas agus athdhíol ar mhargadh an Aontais tar éis allmhairiú ó Dhaon-Phoblacht na Síne, le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, an táirge faoi athbhreithniú mar a shainmhínítear san fhógra tionscnaimh.

	Méid i dtónaí	Luach in euro (EUR)
Láimhdeachas iomlán do chuideachta in euro (EUR)		
Allmhairiú an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas		
Allmhairiú an táirge faoi athbhreithniú chuig an Aontas (de gach tionscnamh)		
Athdhíol ar mhargadh an Aontais tar éis an táirge faoi athbhreithniú a allmhairiú ó Dhaon-Phoblacht na Síne		

3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ DO CHUIDEACHTA FÉIN AGUS NA GCUIDEACHTAÍ GAOLMHARA ⁽¹⁾

Tabhair sonraí maidir le gníomhaíochtaí beachta na cuideachta agus gach cuideachta gaolmhaire (liostaigh iad agus sonraigh an gaol idir iad agus do chuideachta) atá bainteach le táirgeadh agus/nó díol (onnmhairiúcháin agus/nó intíre) an táirge faoi athbhreithniú. D'fhéadfaí a áireamh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin ceannach an táirge faoi athbhreithniú, é a tháirgeadh faoi shocruithe fochonraitheoireachta, nó é a phróiseáil nó a thrádáil, ach gan a bheith teoranta don mhéid sin.

Ainm na cuideachta agus suíomh na cuideachta	Gníomhaíochtaí	Gaol

4. FAISNÉIS EILE

Tabhair aon fhaisnéis ábhartha eile a mheasann an chuideachta a bheith úsáideach chun cuidiú leis an gCoimisiún an sampla a roghnú.

5. DEIMHNIÚCHÁN

Tríd an bhfaisnéis thuasluaite a chur ar fáil, comhaontaíonn an chuideachta go bhféadfaí í a chur san áireamh sa sampla. Má roghnaítear an chuideachta le bheith mar chuid den sampla, is é a bheidh i gceist leis sin ceistneoir a líonadh isteach agus glacadh le cuairt ar a háitreabh chun a freagra a fhíorú. Má thugann an chuideachta le fios nach gcomhaontaíonn sí lena cur isteach sa sampla, measfar nár chomhoibrigh sí leis an imscrúdú. Tá torthaí an Choimisiúin maidir le hallmhaireoirí neamh-chomhoibríocha bunaithe ar na fíricí atá ar fáil agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh an toradh chomh fabhrach don chuideachta sin agus a bheadh dá mbeadh comhoibriú déanta aici.

Síniú an oifigigh údaraithe:

Ainm agus teideal an oifigigh údaraithe:

Dáta:

⁽¹⁾ I gcomhréir le hAirteagal 127 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, measfar beirt a bheith gaolmhar le chéile: (a) más oifigeach nó stiúthóir duine acu i ngnólacht an duine eile; (b) más comhpháirtithe gnó iad a bhfuil aitheantas dlíthiúil acu; (c) más fostóir agus fostaí iad; (d) más le tríú páirtí 5 % nó níos mó de na stoic nó de na scaireanna le cearta vótála de chuid na beirte acu, nó má rialaíonn nó má choinníonn tríú páirtí iad, go díreach nó go hindíreach; (e) má rialaíonn duine amháin acu an duine eile go díreach nó go hindíreach; (f) má tá an bheirt acu faoi stiúradh díreach nó indíreach ag tríú páirtí; (g) má rialaíonn siad tríú duine go díreach nó go hindíreach le chéile; nó (h) más baill den teaghlach céanna iad (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558). Ní mheasfar daoine a bheith in aon teaghlach le chéile ach amháin má tá siad in aon ghaol acu seo a leanas le chéile: (i) fear céile agus bean chéile, (ii) tuismitheoir agus leanbh, (iii) deartháir agus deirfiúr (más ionann athair agus máthair dóibh nó más ionann tuismitheoir amháin dóibh), (iv) seanathair nó seanmháthair agus garleanbh, (v) uncail nó aintín agus nia nó neacht, (vi) tuismitheoir céile agus cliamhain nó banchliamhain, (vii) deartháir céile agus deirfiúr chéile. I gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, ciallaíonn “duine” duine nádúrtha, duine dlítheanach agus aon chumann de dhaoine nach bhfuil ina dhuine dlítheanach ach a n-aithnítear faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta go bhfuil an inniúlacht aige gníomhartha dlí a dhéanamh (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A
CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10325 – KRONOSPAN / PFLEIDERER POLSKA)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 87/03)

1. Fuair an Coimisiún fógra an 15 Feabhra 2022 faoi chomhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

- Kronospan Holdings P.L.C (“Kronospan”, an Chipir),
- Pfleiderer Polska sp. z.o.o (“Pfleiderer Polska”, an Pholainn), ar de Ghrúpa Pfleiderer é.

Gheobhaidh Kronospan rialú Pfleiderer Polska ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Is monaróir agus soláthróir painéal adhmaidbhunaithe agus a dtáirgí breisluacha próiseáilte breise é Kronospan. Eadhon, déanann Kronospan an méid seo a leanas a mhonarú agus a dháileadh: cáithnínchlár amh agus brataithe (dá ngairtear PB go comhpháirteach), clár snáithíneach meándlúis (MDF), clár snáithíneach ard-dlúis (HDF) lena n-áirítear HDF tanaí agus laicearaithe (T-HDF agus L-HDF), cuntair oibre (eilimintí/comhpháirteanna iarfhóirmithe, le chéile Comhpháirteanna), urláir lannáin, lannáin maisiúla, agus clár sliseog treoshuite,
- Is monaróir agus soláthróir de réimse adhmaid a ndearnadh innealtóireacht air agus táirgí dromchla críochnaithe, eadhon PB, T-HDF agus L-HDF agus Comhpháirteanna, é Pfleiderer Polska.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10325 – KRONOSPAN / PFLEIDERER POLSKA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an “Rialachán um Chumaisc”).

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasac
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.10603 — CARLYLE / ALTADIA)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 87/04)

1. An 14 Feabhra 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

- The Carlyle Group Inc. (USA) (ina dhiaidh seo, “Carlyle”),
- LSFX Flavum Topco, S.L. (An Spáinn) (ina dhiaidh seo, “Altadia”), cuideachta atá á rialú ag Lone Star Funds (SAM) faoi láthair trína chuideachta sealbhaíochta LSF10 Flavum Holdings S.à.r.l (Lucsamburg).

Gheobhaidh Carlyle rialú aonair ar Altadia ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Is bainisteoir malartach sócmhainní domhanda é Carlyle a bhainistíonn cistí lena ndéantar infheistíocht go domhanda sna trí smacht infheistíochta seo a leanas: (i) Cothromas Príobháideach Domhanda; (ii) Creidmheas Domhanda; agus (iii) Réitigh Infheistíochta);
- Tá Altadia ag gabháil d’fhorbairt, táirgeadh agus margaiócht earraí idirmheánacha tíleanna ceirmeacha le haghaidh tíleanna ceirmeacha a úsáidtear san earnáil foirgníochta (*i.e.*, in urláir, ballaí agus cuntair).

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d’fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10603 — CARLYLE / ALTADIA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an “Rialachán um Chumaisc”).

GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsíú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta agus bia-earraí

(2022/C 87/05)

Leis an bhfoilseachán seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ laistigh de thrí mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

DOICIMÉAD AONAIR

“Äkta Gränna Polkagrisar”

Uimh. AE: PGI-SE-02603 – 21 Aibreán 2020

STFC () TGFC (X)

1. **Ainm nó ainmneacha [STFC nó TGFC]**

“Äkta Gränna Polkagrisar”

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An tSualainn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra**

3.1. *Cineál táirge*

Aicme 2.3. Arán, císte milis, cácaí, milseogra, briosaí agus earraí eile báicéara

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is milseog thraidisiúnta é “Äkta Gränna Polkagrisar” a bhfuil stríoca bíseacha dearga air agus atá déanta as siúcra agus é blaitithe le hola lus an phiobair.

Baineann na sainghnéithe seo a leanas le “Äkta Gränna Polkagrisar”:

Saintréithe moirfeolaíochta

Cruth: Maide sorcóireach díreach.

Fad: 10-50 cm

Trastomhas: 10-100 mm

Craiceann: Tirim agus mín.

Meáchan: 25-350 gram

Dath: Bán neodrach le stríoca bíseacha dearga cairmíneacha (lí NCS 1080-R), agus is féidir le déine an datha dheirg a bheith beagánín difriúil ó bhaisc go chéile.

(¹) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

Saintréithe ceimiceacha

Siúcra: 85-99 %

Glúcós: 0-15 %

Ola lus an phiobair

Dathúchán dearg nádúrtha – dearg cairmíneach de ghnáth (E120)

Saintréithe orgánaileipteacha

Blastanas: Blastanas miontais soiléir, á chúiteamh ag an milseacht tar éis tamaill. Iarbhlais úr lus an phiobair, a mhaireann tamall maith.

Boladh: Boladh miontais le blas milis.

Raimhre: Crua agus ansin sách inchoganta. Ba cheart dó a bheith soghearrtha le scian gan brus a dhéanamh de. Braitheann an raimhre ar roinnt tosca timpeallachta agus ar thosca eile nach iad. Tá an taobh istigh póiriúil, agus bolgáin bheaga chruinne fhíneálta air ann.

An chaoi a mbraitheann sé le hithe: An-chrua i dtús báire, agus de réir a chéile éiríonn sé inchoganta agus bog. Tá na poill lán air an-fhollasach. Is iad na bolgáin air is cúis leis an “polkagris” a bheith éasca le cogaint sa bhéal tar éis tamaill.

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a thógáil sa limistéar geografach sainithe*

Chun “Äkta Gränna Polkagrisar” a ullmhú, déantar siúcra, síoróip ghlúcóis, uisce agus finéagar a bhruith i bpotá oscailte. Ní fhéadfar níos mó ná 5 kg siúcra a bheith sa bhaisc atá á cócaráil.

A luaithe a bhaineann an bhaisc thart ar 150 °C amach, déantar an meall a dhoirteadh amach ar leac chuisnithe. Baintear cuid bheag den mheall agus cuirtear dathúchán dearg leis.

Tar éis don mheall fuarú go dtí thart ar 70 °C, déantar aer a chuimilt isteach ann agus an tráth céanna, blaisítear é le hola lus an phiobair.

A luaithe atá an meall bán agus póiriúil, tá tuairim is 10 nóiméad ag an milsíneoir chun an “polkagrisar” a mhúnlú. Múnlaítear an meall ina dhronuilleog agus ansin cuirtear an meall ar dhath dearg ar a bharr. Tar éis don mheall a bheith fillte agus casta, múnlaítear é ina “polkagris” mór le strioca bíseacha dearga, a ghearrtar tríd an lár. Rolltar an dá leath amach nó go ndéantar maidí níos tanaí díobh, agus gearrtar na maidí tríd an lár arís. Leantar den phróiseas sin go dtí go mbaineann na “polkagrisar” an fad agus an tiús inmhianaithe amach.

Nuair atá na “polkagrisar” críochnaithe, ligtear dóibh fuarú ar chrios iompair atá de shíor ag bogadh, sa chaoi go bhfaighidh an táirge an cruth mín cothrom atá ina chomhartha sóirt de “Äkta Gränna Polkagrisar”.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Díoltar “Äkta Gränna Polkagrisar” agus pacáistiú páipéir nó ceallafán thart orthu, ar a bhfuil an lipéad “Äkta Gränna Polkagrisar”.

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Níl aon cheanglais bhreise ann seachas iad siúd a eascraíonn as gnáthreachtaíocht.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Déantar “Äkta Gränna Polkagrisar” i bparóiste Gränna i limistéar thiar thuaidh chúige Småland.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc leis an limistéar geografach bunaithe ar an modh lena ndéantar “Äkta Gränna Polkagrisar”, milseog a rinneadh in Gränna an chéad lá riamh agus atá tagtha slán chugainn inniu.

Ba í Amalia Eriksson a cheap an cheird a bhaineann le “Äkta Gränna Polkagrisar” a dhéanamh i mbaile Gränna i lár na naoú haois déag. Ó shin i leith, tá an t-oidéas agus an modh ullmhaithe fágtha mar oidhreacht againn trí chóras printíseachta, ina bhfoghlaímíonn milsíneoirí nua an cheird ó mhilsíneoir “polkagris” cruthaithe.

Chun an raimhre ar leith a bhaint amach, raimhre atá ina sainghné de “Äkta Gränna Polkagrisar”, ní mór do mhilsíneoir oilte “polkagris” cur amach a bheith aige, i measc rudaí eile, ar an difear a dhéantar don raimhre mar thoradh ar chainníochtaí na n-ábhar éagsúil, an fiuchphointe, an méid aeir a chuimlítear isteach sa mheall agus méid an táirge deiridh.

Má úsáidtear an iomarca glúcóis nó mura n-úsáidtear dóthain uisce, beidh an “polkagris” crua, agus beidh sé gráinneach mura bhfuil finéagar leordhóthanach ann. Má thugtar an meall chuig an bhfiuchphointe rómhall, nó má tá teocht an mhíll ró-íseal nuair a chuirtear ar an mbord cuisnithe é, fanfaidh an “polkagris” bog. Ní mór don mhilsíneoir a áirithiú freisin go bhfuaraíonn an meall go cothrom trí é a choimeád ag bogadh agus na himill a fhilleadh go leanúnach.

A luaithe atá an meall fuaraithe go dtí an teocht cheart, tosaíonn an milsíneoir ag cuimilt aeir isteach sa mheall trí é a tharraingt agus a chasadh go leanúnach thart timpeall ar chrúca atá ceangailte de bhalla. Mar thoradh ar an aer atá cuimilte isteach sa mheall, tiontaíonn sé bán. Mura gcuimlíonn an milsíneoir dóthain aeir isteach, ní bheidh boilgeoga aeir leordhóthanacha sa mheall, agus fanfaidh an “polkagris” crua dá bharr. Mar thoradh ar an iomarca aeir, beidh an “polkagris” sobhriste agus is éasca a dhéanfar brus de.

Ní mór do mhilsíneoir an “polkagris” na hathróga thuas a chur in oiriúint do mhéid an táirge deiridh freisin. I gcás “polkagris” mór, is iondúil go ndéanann a mheáchan féin é a chothromú, agus dá bharr sin cailltear múnla an mhaide chruinn atá ina chomhartha sóirt de “Äkta Gränna Polkagrisar”. Is féidir le milsíneoir an “polkagris” é sin a sheachaint ach an meall a bhruith ag teocht níos airde, é sin nó níos mó glúcóis a úsáid.

Ón uair a tháinig sé ar an bhfód, is táirge áitiúil atá ann, agus tharraing an mhilseog speisialta seo clú agus cáil go mear trí ailt sna meáin chlóite. Go luath san fhichiú haois, bhí “Äkta Gränna Polkagrisar” i mbéal an phobail sa tSualainn trí chéile beagnach. Bhíodh “Äkta Gränna Polkagrisar” á onnmhairiú chuig na Stáit Aontaithe fiú. Sa lá atá inniu ann, tá “Äkta Gränna Polkagrisar” clúiteach ar fud na Sualainne agus tá aithne air i measc na dturasóirí a bhíonn ag tabhairt cuairt ar Gränna, “baile polkagris”.

Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta

(an dara fomhír d’Airteagal 6(1) den Rialachán seo)

https://www.livsmedelsverket.se/globalassets/produktion-handel-kontroll/livsmedelsinformation-markning-halsopastaenden/skyddade-beteckningar/produktbeskrivning_akta_granna_polkagrisar_2021_10_04.pdf

Foilsíú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(2022/C 87/06)

Leis an bhfoilseachán seo, tugtar an ceart cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

DOICIMÉAD AONAIR

“Lenticchia di Onano”

Uimh. AE: PGI-IT-02651 – 15 Nollaig 2020

STFC () TGFC (X)

1. Ainm nó ainmneacha [STFC nó TGFC]

“Lenticchia di Onano”

2. Ballstát nó tríú tír

An Iodáil

3. Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra

3.1. An cineál táirge [a liostaítear in Iarscríbhinn XI]

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh, iad úr nó próiseáilte

3.2. Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)

Tagraíonn TGFC “Lenticchia di Onano” do shíol an speicis *Lens esculenta* M. a bhaineann leis na saothróa “Lenticchia di Onano”, éicítíopa áitiúil, agus Eston, agus fástar é sa limistéar a shainítear i bpointe 4. Tá na saintréithe seo a leanas ann nuair a scaoiltear lena thomhailt é:

Saintréithe fisiceacha:

Cruth: i gcruth lionsa leacaithe

Méid: trastomhas 3-8 mm

Dath: donn éadrom, scothghlas agus déine an datha agus méid an bhreacaidh (1-95 %) ar an dromchla athraitheach

Crotal: mín agus tanaí

Meánualach 100 síol: 4,50 g ar a laghad

Saintréithe orgánaileipteacha:

Ní gá é a fhágáil ar bogadh roimh chócaireacht agus, fiú tar éis cócaireachta, leanann a shíol de bheith gan bhriseadh le leafaós atá mín uachtarúil agus ar nós veilbhite.

Saintréithe ceimiceacha:

Iomlán na siúcraí: níos lú ná 1,5 %

Iarann: 6,5 mg/100 g ar a laghad

Ní fhéadfaidh meath ar dhath ná ar chruth a theacht ar “Lenticchia di Onano” a chuirfeadh a shaintréithe i mbaol; is é 2,0 % an lamháltas foriomlán uasta maidir le lintilí atá scoilte nó smálaithe, a ndearna cruimheanna damáiste dóibh nó a bhfuil drochdhath tagtha orthu. Ina theannta sin, ceadaítear neamhchomhlíontacht leis na critéir mhéide maidir le huasmhéid 2,0 % den táirge triomaithe.

(¹) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a thógáil sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór “Lenticchia di Onano” a fhás sa limistéar a shainítear i bpointe 4.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Is iad seo a leanas na cineálacha údaraithe pacáistíochta:

- málaí: 250 g go 5 kg
- málaí a phacáiltear in atmaisféar rialaithe (nítrigin): 250 g go 5 kg
- saic: suas le 25 kg

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Mar aon le siombail ghrafach an Aontais, lógó TGFC, agus na tásca agus an fhaisnéis a cheanglaítear le dlí, sa phacáistiú ní mór na tásca breise seo a leanas a chur ar an lipéad, i gcló soiléir inléite:

- “Lenticchia di Onano” arna leanúint leis an acrainm I.G.P. [TGFC] (Indicazione Geografica Protetta [Tásc Geografach faoi Chosaint])
- Ainm, ainm gnó agus seoladh an táirgeora agus an phacáisteora

Tá toirmeasc ar aon tuairisc a chur isteach nach bhforáiltear go sainráite ina leith. Mar sin féin, ceadaítear ainmneacha branda a úsáid ar choinníoll nach bhfuil rún adhmholta acu ná nach gcuireann siad an tomhaltóir amú, chomh maith le hainm an ghabháiltais a dtagann an táirge óna thalamh agus tásca eile fírinneacha indoiciméadaithe a cheadaítear faoi dhlí an Aontais, faoin dlí náisiúnta nó faoin dlí réigiúnach agus nach bhfuil i gcoinbhleacht le críocha ná ábhar na sonraíochta táirge sin.

Ní fhéadfar an t-ainm “Lenticchia di Onano” a aistriú.

Lógó

Is é seo lógó TGFC:



4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cuimsíonn an limistéar táirgthe sa Tásc Geografach faoi Chosaint “Lenticchia di Onano” críoch riaracháin iomlán na mbardas seo a leanas i gcúige Viterbo: Acquapendente, Gradoli, Grotte di Castro, Latera, Onano agus San Lorenzo Nuovo.

5. Nasc leis an limistéar geografach

Tá an t-iarratas ar aitheantas “Lenticchia di Onano” bunaithe ar a chlú.

Tá cáil mhór náisiúnta agus idirnáisiúnta mar shaintréith ag “Lenticchia di Onano”, a bhuí leis an aitheantas mór tráchtála a bhain sé amach freisin.

Ina limistéar táirgthe, dá dtagraítear i bpointe 4, measadh riamh gur siombail den chultúr áitiúil feirmeoireachta agus gastranómach é “Lenticchia di Onano”, mar a bhfuil an traidisiún seanbhunaithe a théann siar go hamanna Eatrúscacha, ithir fhabhrach agus dálaí aeráide fabhracha an cheantair agus an ghníomhaíocht bhríomhar fiontraíochta tar éis clú agus cáil an táirge a mhéadú.

Is de bhunús bolcánach (coimpléasc bolcánach Vulcini) iad na hithreacha ina bhfásann “Lenticchia di Onano” agus de ghnáth bíonn siad scaoilte gan mórán carraigeacha ná cloch agus domhain go leor, agus bíonn saibhreas gnéithe ceimiceacha iontu. Cuireann na saintréithe sin feabhas ar shaintréithe orgánaileipteacha an táirge, rud a fhágann gur féidir síolta a fháil a mbíonn cruth rialta orthu agus nach mbíonn na haimhrialtachtaí moirfeolaíochta iontu atá tipiciúil nuair a bhíonn ithreacha dlúth.

Tá saibhreas nádúrtha riandúl sna hithreacha, iarann go háirithe, agus tá roinnt éifeachtaí tairbhiúla aige sin ar an mbarr, lena n-áirítear cion síúcra iomlán íseal, láine sa bhlas agus seilfré mhaith.

Tá an clú atá air ar an margadh ag dul i méid ó dheireadh an 19ú haois agus tá sé sin deimhnithe ag na gradaim iomadúla a bronnadh air san Iodáil agus ar an gcoigríoch.

Idir deireadh an 19ú haois agus tús an 20ú haois, tosaíodh ar an táirge a aithint as a áit tionscnaimh, Onano. Bhain na lintilí seo clú níos mó ná riamh amach sa tréimhse sin. In 1874, rinne an Stiúrthóireacht Talmhaíochta in Aireacht nuabhunaithe Talmhaíochta, Tionsclaíochta agus Trádála Ríocht na hIodáile *lenticchie dionane*, arna n-urramú ag coiste Viterbo um thalmhaíocht, a roghnú chun páirt a ghlacadh in Exposition Universelle de Paris.

Fásadh lintilí mar gheall ar an méid ard iarainn a bhí iontu agus d’ith daoine áitiúla iad faoin tuath mar chúiteamh ar ghanntanas feola ainmhithe. Léiríonn an fhianaise go ndearnadh lintilí a fhás i gceantar Viterbo ó bhí an Mheánaois ann, níos lenar leanadh go dtí an lá atá inniu ann.

Sa bhailiúchán ina bhfuil Orduithe, Reachtanna agus Dlíthe Bardasacha Chomhphobal agus Dhaoine Onano, dar dáta 1561, léiríonn na fíneálacha troma a fhorchuirtear ar dhaoine a ghoideadh plandaí agus táirgí nó a dhéanadh damáiste dóibh tábhacht na lintilí sin. Níor táirgeadh iad le haghaidh thomhaltas na saothraithe féin agus, go deimhin, ag tús an 17ú haois, bhí ar riarthóirí áitiúla stad a chur le ceannaithe eachtracha a bhíodh ag ceannach na lintilí go léir ag margadh seachtainiúil Onano. Rinne siad é sin trí uasteorainn a fhorchur ar dhíol agus onnmhairiú na lintilí, á socrú ag 18 kg in aghaidh an duine (Litir ó Dhiúc Sforza chuig Comhairle Chomhphobal Onano, 1616).

Tagraíonn go leor foinsí do stair “Lenticchia di Onano” idir deireadh an 19ú haois agus tús an 20ú haois, nuair a tosaíodh ar ainm a áite tionscnaimh a úsáid chun an táirge a thréithriú: Onano. In 1874, rinne an Stiúrthóireacht Talmhaíochta in Aireacht nuabhunaithe Talmhaíochta, Tionsclaíochta agus Trádála Ríocht na hIodáile *lenticchie dionane*, arna n-urramú ag coiste Viterbo um thalmhaíocht, a roghnú chun páirt a ghlacadh in Exposition Universelle de Paris. Idir 1910 agus 1911, ghlac “Lenticchia di Onano” páirt in a lán taispeántas idirnáisiúnta agus bhí an deis ag daoine taitneamh a bhaint as i Londain, i bPáras agus in Buenos Aires, mar a mbaineadh amach na chéad duaiseanna, dioplómaí agus boinn óir as a chaighdeán.

In 1934, roghnaíodh “Lenticchia di Onano” arís i measc tháirgí tipiciúla Alta Tuscia agus tugadh chuig an seó náisiúnta talmhaíochta é.

Mar a mhaíonn Domenico Orzi, ceann scoil talmhaíochta Viterbo, in *Tuscia Agricola*: “Bhí ár scoil in ann roinnt samplaí iontacha de ‘Lenticchia di Onano’ a thaispeáint i roinn na dtorthaí agus na nglasraí. Is táirgí tipiciúla iad seo ó chúige Viterbo agus tá siad an-tábhachtach anois, mar a léiríonn a meántáirgeadh bliantúil, arb é 600 tona i gcás lintilí.”

Is féidir tuilleadh fianaise ar aitheantas a fháil in Listino dei prezzi all’ingrosso praticati sulla piazza di Viterbo [Liosta praghsanna mórdhíola le haghaidh mhargadh Viterbo], ina raibh iontráil ar leith, ó 1936, ionas go bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh idir *lenticchia comune* [an lintilí choiteann] agus “Lenticchia di Onano” [lintilí Onano], a raibh liostú agus margadh aici, fiú ar leibhéal an mhórdhíola, a bhí éagsúil leis an táirge cineálach.

Idir na 1950idí agus na 1960idí, bhí tóir fós ar “Lenticchia di Onano” agus leantaí de bheith á chaitheamh i gcúigí Viterbo agus na Róimhe den chuid is mó, cé nach raibh aon easpa éilimh ó réigiúin eile ná ón gcoigríoch.

Ós rud é gur cuimsíodh “Lenticchia di Onano” i gcomhaontú 1964 idir an Iodáil agus an Fhrainc maidir le hainmneacha agus bunús roinnt táirgí agraibhí a chosaint, agus go deimhin ba é an t-aon iontráil amháin é faoi linteilí, léirítear go raibh margadh eachtrach ann (Coinbhinsiún maidir le sonrúcháin tionscnaimh, tásca maidir le foinsé agus ainmníochtaí táirgí áirithe a chosaint (le prótacal agus iarscríbhinní), arna shíniú sa Róimh an 28 Aibreán 1964, a cláraíodh le haghaidh na Fraince an 27 Eanáir 1970, sna Náisiúin Aontaithe, Sraith na gConarthaí, iml. 712, Uimh. 10233, Nua-Eabhrac 1972, lch. 356).

Cé go raibh tionchar mór ag blasanna bia agus ag éilimh an mhargaidh ar tháirgeadh linteilí ar an leibhéal náisiúnta, lean “Lenticchia di Onano” dá sciar den mhargadh a choinneáil ar bun, rud lenar chuidigh a stair agus a cháil mhór. D’aithin Institiúid Náisiúnta Staidrimh na hIodáile (ISTAT) é seo freisin ina Bliainiris um Staidreamh Talmhaíochta, mar a raibh an táirge fós á chuimsiú in 1970 sa tábla “táirgí/margaí agus cáilíochtaí” (ISTAT, *Annuario di statistica agraria* [Bliainiris um Staidreamh Talmhaíochta], iml. XVIII, an Róimh 1972, lch. 242).

Sa lá atá inniu ann, ní dhéanann táblaí staidrimh ná praghsanna reatha aon idirdhealú a thuilleadh idir praghsanna linteilí coiteanna agus linteilí eile a bhfuil nasc acu le háiteanna tionscnaimh sonracha. I gcás ar bith, tugtar aitheantas don táirge ar bhileoga a dhéanann fógraíocht ar tháirgí a áirítear i “scéimeanna cáilíochta” a bhfuil nasc acu le sainearraí limistéar Lazio, a dháiltear trí bhíthin bhealaí margaíochta na miondóltóirí tábhachtacha Iodálacha agus a thugann bunús “Lenticchia di Onano” le fios i gcónaí chun idirdhealú a dhéanamh idir é agus linteilí coiteanna. Tá an praghas in aghaidh an chileagraim difriúil freisin i gcás an dá chineál linteilí: 7,20 go 11,00 euro/kg ar “Lenticchia di Onano”, i gcomparáid le 2,30 go 4,50 euro/kg ar linteilí cineálacha.

Is é “Lenticchia di Onano” an bunábhar in a lán oideas traidisiúnta sa cheantar agus tá meas ag cócairí agus saineolaithe gastranamaíochta air mar gheall ar a bhlas sainiúil agus ar an tslí gur féidir cócaireacht a dhéanamh air go tapa fad is a fhanann sé gan bhriseadh. Ó 1931 i leith, measadh in athbhreithnithe fíona agus bia gur táirge nideoige é toisc go bhfuil sé “oll-cháiliúil agus go ndéantar é a onnmhairiú go forleathan” (Touring Club Italiano, *Guida Gastronomica d’Italia* [Treoir Ghastranómach maidir leis an Iodáil, 1931]), agus tá sé fós sna treoracha mórchiorclaíochta atá tiomanta do bhlasanna an limistéir a aimsiú (amhail *Tuscia a tavola* [Cócaireacht Tuscia] le Italo Arieti, 1996, nó *Guida ai sapori e ai piaceri* [Treoracha maidir le sólaistí cócaireachta agus gníomhaíochtaí fóillíochta] atá tiomanta don Róimh agus do Lazio, nó do Tuscia, le La Repubblica and L’Espresso, 2021). Tá “Lenticchia di Onano” in *Il Golosario. Guida alle cose buone d’Italia* [Ciclipéid Blasanna. Treoir maidir le sólaistí na hIodáile] le Paolo Massobrio (eagrán aonair, 2021), agus in *Slow Food Revolution* (Slow Food Editore, 2005) freisin le Carlo Petrini agus in *Almanacco Slow Food. Prodotti e ricette per un anno* [Almanag an Mhallbhí. Táirgí agus oidis ar feadh bliana] le Carlo Bogliotti (Slow Food Editore, 2021).

Is féidir triall a bhaint as freisin i mbialanna na Róimhe, mar a bhfuil nasc traidisiúnta idir é agus fleáchas na hAthbhliana mar dheathuar agus chun saibhreas a bhaint amach.

Tá “Lenticchia di Onano” ar cheann de na táirgí tipiciúla a bhaineann le cócaireacht réigiúnach Lazio agus tá cur amach air thar lear freisin, mar a ndéanann cócairí a bhfuil cáil orthu as cócaireacht na hIodáile é a chur chun cinn. In 2008, mhol an t-irisleabhar Meiriceánach *Women’s Wear Daily* (WWD), a dtugtar Bíobla faisin an domhain air, “Lenticchia di Onano” dá léitheoirí i measc na “sainearraí séasúracha” chun duine a choimeád te sa gheimhreadh (<https://wwd.com/fashion-news/fashion-features/in-season-winter-treats-1868335> – arna rochtain an 26 Meitheamh 2021).

Ar an lámh eile, luaitear lasagna linteilí Onano sa leabhar *Making Artisan Pasta* (Quarry Books, 2012) le Aliza Green, an cócaire cáiliúil agus saineolaí na cócaireachta ó Philadelphia.

Chuimsigh an cócaire Iodálach-Astrálach Guy Grossi “Lenticchia di Onano” ina leabhar cócaireachta *Love Italy* (Penneys Random House, 2013), ina raibh i gceist aige aird a thabhairt ar iarrachtaí na saothraithe a choinníonn táirgeadh na linteilí ársa sin beo.

Luann Stefano “Steve” Manfredi, cócaire eile ón Astráil, “Lenticchia di Onano” ar cheann de tháirgí Lazio is mó luach, agus deir sé go bhfuil “ardmheas” air (*Stefano Manfredi’s Italian Food*, Fairfax Books, Crows Nest, 2013).

Thiomnaigh Gino D’Acampo, cócaire Napóileach a bhfuil an-tóir air sa Ríocht Aontaithe mar gheall ar a chlár theilifíse, mír ina leabhar cócaireachta do stair linteilí Onano: *Gino’s Italian Coastal Escape. A Taste of Italy from the Aeolian Islands to Elba*, (Hodder&Stoughton, 2017).

Ba cheart a lua freisin go bhfuil féile bhliantúil tiomanta do “Lenticchia di Onano”, a reáchtáladh gach bliain ó bhí 1964 ann, ach amháin in imthosca eisceachtúla. Is é Bardas Onano a d’eagraigh í mar chuid de cheiliúradh San Tryphon, agus bíonn an fhéile ar siúl i rith sheachtain saoire na Féile Muire.

Tá deimhniú ar chlú an ainm “Lenticchia di Onano” ar an ngréasán, mar a bhfaightear níos mó ná 5 000 amas ar Google nuair a chuardaítear é.

Tá “Lenticchia di Onano” cláraithe ar liosta de tháirgí traidisiúnta agraibhia Réigiún Lazio.

Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta

(an dara fomhír d’Airteagal 6(1) den Rialachán seo)

Tá fáil ar théacs iomlán na sonraíochta táirge ar an suíomh gréasáin seo a leanas: <http://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/3335>

nó, tá fáil air freisin, de rogha air sin:

ar leathanach baile na hAireachta Talmhaíochta, Bia agus Beartais Foraoiseachta (www.politicheagricole.it) ach cliceáil ar “Qualità” (ar an taobh deas ag barr an scáileáin), agus ansin ar “Prodotti DOP IGP STG” (ar an taobh clé den scáileán) agus, ar deireadh, ar “Disciplinari di Produzione all’esame dell’UE”.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)